2026/2153

29.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2153 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Meán Fómhair 2026

lena gceadaítear don tSlóvaic táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 6723)

(Is é an téacs sa tSlóvaicis amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ocsaíd eitiléine i gcineál táirge 2 (díghalráin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe lena gcur go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cuimsíodh í sa chlár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear sa Rialachán sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]). Cuireadh isteach iarratas ar fhormheas ocsaíde eitiléine i gcineál táirge 2 an 1 Nollaig 2009.

(2) Cinneadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1074 ón gCoimisiún ([3]) nár tháinig an táirge ionadaíoch a cuimsíodh san iarratas ar fhormheas faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, dá thoradh sin, gurbh iomchuí gan ocsaíd eitiléine a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2.

(3) De bhun Airteagal 55(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, an 9 Nollaig 2025, chuir an tSlóvaic iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar mhaolú ar Airteagal 19(1), pointe (a), den Rialachán sin, inar iarr sí cead a bheith aici táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint, lena n-áirítear oidhreacht na cartlainne.

(4) De réir na faisnéise a chuir an tSlóvaic ar fáil, tá úsáid ocsaíde eitiléine fíor-riachtanach chun cartlanna agus réada oidhreachta cultúrtha eile a chosaint, ós rud é gur cosúil gurb é an t-aon teicníc éifeachtúil é chun rialú a dhéanamh ar éagsúlacht na n-orgánach díobhálach ar féidir leo na réada sin a chur i mbaol. Tá éilliú micribhitheolaíoch ar cheann de na tosca riosca is mó a chuireann earraí oidhreachta cultúrtha áirithe i mbaol. Tá éilliú bitheolaíoch gníomhach díobhálach do na hábhair dá ndéantar difear, ábhair a théann faoi dhíghrádú feidhmiúlachta mór i bhfoirm cailliúint nirt, athrú datha, nó cruthú ruaimeanna datha. De réir na Slóvaice, is toisc an-neamhfhabhrach é an cion méadaithe de spóir mhiocrorgánach san aer, agus tá sé ina chúis le hailléirgí, broincíteas agus ualaí paiteolaíocha eile i gcás daoine a láimhseálann na hábhair sin (cartlannaithe, leabharlannaithe, athchóiritheoirí, taighdeoirí nó fostaithe eile). Riosca mór is ea leathadh an éillithe agus an bhagairt ar bhailiúcháin iomlána. Mura ndéantar cóireáil leordhóthanach ar ítim éillithe, d'fhéadfadh sí a bheith ina foinse chun éilliú a scaipeadh ar ítimí eile sa bhailiúchán atá fós neamhéillithe. De réir na Slóvaice, i músaeim, i gcartlanna agus i ngailearaithe ina stóráiltear ítimí gar dá chéile, is féidir le héilliú neamhrialaithe líon ollmhór déantáin luachmhara a scriosadh go tapa, de réir mar a tharlaíonn éifeacht na ndúradán.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/1062/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1074 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2025 gan ocsaíd eitiléine a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L, 2025/1074, 3.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1074/oj).

(5) De réir na Slóvaice, níl aon rogha mhalartach iomchuí ann chun réada oidhreachta cultúrtha a chóireáil, lena n-áirítear ábhar cartlainne. Maidir le hábhar cartlainne, níl dustáil agus slíobadh le heatánól éifeachtach ach amháin maidir le héilliú logánta agus dromchla ach níl siad éifeachtach maidir le héilliú inmheánach, d'fhéadfadh siad dúigh agus líocha áirithe a athrú, teastaíonn cóireáil fhada agus íogair uathu agus, dá bhrí sin, níl siad oiriúnach chun inmhíolú fungasach mórmhéide a chóireáil. Tá anocsacht éifeachtach in aghaidh feithidí, ach tá sí neamhéifeachtach in aghaidh múscáin agus baictéar. Is teicníc í radaíocht gháma atá deacair a mhacasamhlú agus a bhfuil trealamh sonrach ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, léiríodh go bhfuil radaíocht gháma ina cúis le díghrádú mór ceallalóis, rud a laghdaíonn cobhsaíocht agus marthanacht doiciméad go mór. Is féidir le teicnící ísealteochta (reo) stop a chur le fás múscáin ach níl siad éifeachtach in aghaidh spór.

(6) Mar a léirigh an tSlóvaic san iarratas, úsáideann gairmithe oilte táirgí ina bhfuil ocsaíd eitiléine trí thoitriú. Mar gheall ar airíonna guaise ocsaíde eitiléine, ní dhéantar díghalrú le táirgí ina bhfuil ocsaíd eitiléine ach amháin i seomraí toitrithe, agus sin go heisiach i saoráidí speisialaithe a chloíonn le rialacháin dhiana sábháilteachta agus caighdeáin dhiana chomhshaoil. Cuimsítear i ngach ceann de na saoráidí saintógtha oibriúcháin laghdaitheoir, a choisceann astaíochtaí ocsaíde eitiléine dul isteach san atmaisféar. Tar éis an díghalraithe, cuirtear céim aerála atá fada go leor chun feidhme, chun iarmhair gháis a bhaint de na réada. Ar choinníoll go leantar na nósanna imeachta rialaithe, na rialacháin agus na treoracha pearsanra uile, tá úsáid na teicneolaíochta sin sábháilte.

(7) Léiríonn an fhaisnéis agus an t-údar atá san iarratas a chuir an tSlóvaic isteach go bhfuil úsáid ocsaíde eitiléine fíor-riachtanach chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil faoi láthair chun réada oidhreachta cultúrtha a chóireáil sa tSlóvaic, ós rud é go bhfuil míbhuntáistí ag baint leis na teicnící malartacha uile atá ar fáil faoi láthair, toisc nach bhfuil siad éifeachtach go leor nó gur féidir leo damáiste a dhéanamh do na hábhair a chóireáiltear.

(8) Ar bhonn na faisnéise agus an údair atá san iarratas a chuir an tSlóvaic isteach, is iomchuí teacht ar an gconclúid go bhfuil ocsaíd eitiléine fíor-riachtanach chun an oidhreacht chultúrtha sa tSlóvaic a chosaint agus nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag an tSlóvaic údarú a thabhairt chun táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta cultúrtha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Féadfaidh an tSlóvaic táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint go dtí an 31 Iúil 2031.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Slóvaice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún